Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**15158/18**

**ECOFIN 1167**
**UEM 400**
**FIN 966**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Nollaig 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13710/18 ECOFIN 998 UEM 339 FIN 843 |
| Ábhar: | NA CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Ar baineadh amach príomhchuspóir ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis?" – Conclúidí ón gComhairle (4.12.2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn NA CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Ar baineadh amach príomhchuspóir ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis?", a ghlac Comhairle ECOFIN ag an 3659ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Nollaig 2018.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
**"Ar baineadh amach príomhchuspóir ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis?"**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Ar baineadh amach príomhchuspóir ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis?";

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte maidir le cur chun feidhme ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) ag an gCoimisiún agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freagra mionsonraithe an Choimisiúin ina leith;

3. Maidir le CCF, ina bhfuil idir ghné choisctheach agus ghné cheartaitheach (EDP), MEABHRAÍTEAR DI gur creat é atá bunaithe ar rialacha lena ndírítear ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chosaint agus ar chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chur chun cinn san Aontas. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb é is aidhm leis an ngéag choisctheach cosc a chur le heasnaimh iomarcacha ghinearálta rialtais agus riocht buiséadach slán a áirithiú i ngach Ballstát, go háirithe trí gach Ballstát a chuspóir meántéarmach a bhaint amach;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go háirithe imní na Cúirte nár éirigh le creat CCF dul chun cinn a áirithiú maidir leis na cuspóirí meántéarmacha i roinnt Ballstát a bhfuil fiacha ollmhóra orthu. CUIREANN SÍ I dTREIS go raibh an téarnamh a tharla tar éis na géarchéime leochaileach ach CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá maoláin fhioscacha a athbhunú i bhfianaise na ndálaí dearfacha timthriallacha atá ann faoi láthair, go háirithe sna tíortha sin ina bhfuil cóimheas fiachais atá ard, agus acmhainneacht fáis leanúnaigh ár ngeilleagar a neartú ag an am céanna;

5. MEABHRAÍTEAR DI gur glacadh tacar nua rialacha in 2011 maidir le faireachas eacnamaíoch agus fioscach, an "sé-phaca", mar a thugtar air, ina raibh eilimintí fioscacha darbh aidhm an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a neartú trí fhorfheidhmiú níos éifeachtaí na rialacha a áirithiú *inter alia* trí chumhacht tionscnaimh an Choimisiúin ar fhaireachas fioscach a atreisiú. In 2013, glacadh an "dé-phaca", mar a thugtar air, d'fhonn timthriall an fhaireachais bhuiséadaigh a neartú a thuilleadh;

6. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil sé tábhachtach, faoin socrú reatha institiúideach lena mbíonn pribhléid ag ceart tionscnaimh an Choimisiúin, go mbunófaí faireachas fioscach an Choimisiúin ar na rialacha comhchoiteanna comhaontaithe a áirítear sa Chód Iompair agus go gcuirfí na rialacha i bhfeidhm chun cóir chomhionann a áirithiú;

7. MEABHRAÍTEAR DI gur mhol an Coimisiún in 2015 tacar rialacha cur chun feidhme maidir leis an tsolúbthacht, a chomhaontaigh na Ballstáit go comhchoiteann ina dhiaidh sin, agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gurb é is aidhm leis na critéir incháilitheachta nach mbuanófaí na dialltaí sealadacha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann an Chúirt de thátal gurb é an toradh a bhí ar éifeacht charnach na liúntas solúbthachta agus chlásal na cúinse neamhghnáiche moilleanna ilbhliantúla i MTO a bhaint amach, ach CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta i gcuid mhaith de na Ballstáit maidir le MTO nó go bhfuil sé bainte amach acu cheana féin; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin argóint an Choimisiúin go raibh údar maith leis na rialacha maidir leis an tsolúbthacht, a comhaontaíodh go comhchoiteann i gCód Iompair mhí Feabhra 2016 i ngeall ar chineál uathúil na géarchéime;

8. AONTAÍONN SÍ gur gá díriú go géar ar fhorbairtí fiachais san fhaireachas fioscach, rud a chuirfidh le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí; I bhfianaise na leasuithe a rinneadh ar CCF in 2011, MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an ceanglas maidir le fiachas anois ar comhchéim leis an gceanglas maidir le heasnamh;

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go measann an Coimisiún gur toisc ábhartha thábhachtach é comhlíonadh na géige coiscthí agus measúnú á dhéanamh ar chritéar fiachais an nós imeachta um easnamh iomarcach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh an Coimisiún agus an Chomhairle EDP an nós imeachta um easnamh iomarcach chun feidhme ar bhealach intuartha, trédhearcach agus comhsheasmhach, ionas go bhforfheidhmeofar na gealltanais go hiomlán, chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach Ballstát agus chun creidiúnacht CCF a chaomhnú;

10. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach cruinneas agus trédhearcacht a áirithiú sa mheastachán ar na bearta fioscacha agus IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin i ndáil leis sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aon athruithe is gá a mholadh chun go ndéanfar feabhsuithe breise sa réimse sin;

11. AONTAÍONN SÍ le moladh na Cúirte gur cheart ceanglais choigeartaithe a bheith sna moltaí tír-shonracha atá soiléir agus sainráite i gcuid ghníomhachtaithe na moltaí agus gur cheart míniú soiléir ar an réasúnaíocht is bun leis na coigeartuithe sin a bheith sna haithrisí;

12. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé intuarthacht agus trédhearcacht CCF a fheabhsú agus castacht mhíchuí a sheachaint agus AG AITHINT DI san am céanna gur gá do CCF a bheith in oiriúint i gcónaí don staid eacnamaíoch, agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar éifeachtacht agus inchreidteacht chreat fioscach an Aontais Eorpaigh;

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar thorthaí agus moltaí na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus tuairisc a chur ar ais chuig an gComhairle laistigh de dhá bhliain.